V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10301 — CVC / ETHNIKI)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 44/11)

1. An 20 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners SICAV FIS S.A. ("CVC", Luxemburg)

— The Ethniki Hellenic General Insurance Company S.A. ("Ethniki", An Ghréig)

Faigheann CVC rialú aonair ar Ethniki ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— CVC, a chuid fochuideachtaí agus a chuid cuideachtaí cleamhnaithe, is eintitis faoi úinéireacht phríobháideach iad, eintitis a n-áirítear ar a gcuid gníomhaíochtaí comhairle infheistíochta a chur ar fáil do chistí agus ardáin infheistíochta áirithe, agus/nó infheistíochtaí a bhainistiú thar ceann na gcistí agus na n-ardán sin. Ceann de chuideachtaí punainne CVC is ea Hellenic Healthcare Group ("HHG"), cuideachta atá i mbun sé ospidéal phríobháideacha sa Ghréig.

— Is árachóir ilchodach é Ethniki atá dírithe go príomha ar an nGréig, agus atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí teoranta sa Chipir agus sa Rómáin. I measc a cuid gníomhaíochtaí tá réimse táirgí árachais saoil agus árachais neamhshaoil, dáileadh árachais agus, méid *de minimis*, athárachas. Tá an sprioc-chuideachta faoi úinéireacht Bhanc Náisiúnta na Gréige (NBG) faoi láthair, agus tá sí á díol de bhun phlean athstruchtúrúcháin NBG, plean a aontaíodh leis an gCoimisiún.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10301 — CVC / ETHNIKI

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË